2026/2283

12.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2283 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849 ([1]).

(2) An 11 Meán Fómhair 2017, i Rún 2375 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe toirmeasc a chur ar thionscnamh, cothabháil agus oibriú gach comhfhiontair nó eintitis chomhoibrithigh le heintitis nó daoine aonair de chuid Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC).

(3) An 22 Nollaig 2017, i Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'aithin Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go rannchuidíonn na fáltais ó thrádáil DPDC in earraí earnála, chomh maith leis an ioncam a ghineann oibrithe ó DPDC thar lear, i measc fáltais eile, le cláir arm núicléach agus diúracán balaistíoch DPDC. Chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a cheangal go ndéanfaí gach oibrí ó DPDC atá ag obair thar lear a aisdúichiú, faoi réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta is infheidhme. Ina theannta sin, chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe na bearta sriantacha atá ann cheana a leathnú amach i roinnt earnálacha, lena n-áirítear maidir le hamhola agus gach táirge peitriliam scagtha a sholáthar do DPDC, a dhíol léi nó a aistriú chuici.

(4) An 19 Nollaig 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') dearbhú thar ceann an Aontais inar cuireadh in iúl nach mór do DPDC a hoibleagáidí faoi Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh trína hairm núicléacha, a hairm ollscriosta eile, a cláir diúracán balaistíoch agus a cláir núicléacha atá ann cheana a thréigean, ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe, agus deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí uile lena mbaineann. Athdhearbhaíodh ann nach bhféadfadh stádas stáit arm núicléach a bheith ag DPDC i gcomhréir leis an gConradh maidir le Neamhleathadh Núicléach agus nach mbeidh an stádas sin ag an tír sin choíche. Sa dearbhú sin, thathantaigh an tAontas ar DPDC agus ar an Rúis staonadh ó aon chomh-mhalartú trealaimh mhíleata, teicneolaíochta diúracán nó armlóin a dhéanamh agus cloí leis na Rúin leantacha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena gcuirtear toirmeasc glan ar aon onnmhairiú nó allmhairiú arm lena mbaineann DPDC. Cháin an tAontas chomh maith aon tacaíocht mhíleata a thugann DPDC do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus d'athdhearbhaigh sé gur cúis mhór imní iad na tuairiscí atá faighte ar airm a bheith á n-aistriú ó DPDC chuig an Rúis.

(5) An 31 Bealtaine 2024, d'eisigh an tArdionadaí, in éineacht le hAirí Gnóthaí Eachtracha na hAstráile, Cheanada, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na Seapáine, na Nua-Shéalainne, Phoblacht na Cóiré agus na Ríochta Aontaithe agus Státrúnaí Stáit Aontaithe Mheiriceá, comhráiteas inar cuireadh in iúl gur cúis mhór imní dóibh an borradh atá tagtha faoin gcomhar idir DPDC agus an Rúis, rud atá ina shárú neamhnáireach ar an iliomad Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus cáineadh ann gur chros an Rúis ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena gcuirfí síneadh le sainordú Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe a thugann tacaíocht do Choiste CSNA arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ar an gcaoi sin, lenar féachadh leis an bhfaisnéis agus an treoir oibiachtúil neamhspleách is gá do Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe a bhaint díobh chun Rúin cheangailteacha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le DPDC a chur chun feidhme.

(6) An 30 Deireadh Fómhair 2024, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas inar dearbhaíodh gur sárú neamhnáireach ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an iliomad Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe é na mílte trúpaí ó DPDC atá ar ithir na Rúise agus atá ag comhoibriú le harm na Rúise.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/849/oj).

(7) An 31 Deireadh Fómhair 2024, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas inar cáineadh gur lainseáil DPDC diúracáin bhalaistíocha idir-ilchríochacha an lá céanna, agus iarradh ann ar Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe, go háirithe Comhaltaí de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a áirithiú go gcuirfí smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe chun feidhme ina n-iomláine agus a áitiú ar DPDC scor dá ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha, staonadh ó theannas míleata atá ag dul in olcas a thuilleadh agus filleadh ar an taidhleoireacht.

(8) Sna conclúidí uaithi an 18 Meitheamh 2026, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir imscaradh fhórsaí míleata DPDC sa chogadh ar an Úcráin chomh maith leis an tacaíocht mhíleata leanúnach a thugann DPDC, an Iaráin agus an Bhealarúis don Rúis.

(9) Is cúis mhór imní don Chomhairle na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag DPDC a bhaineann le hairm núicléacha agus le diúracáin bhalaistíocha, lena sáraítear agus lena dtugtar neamhaird neamhnáireach ar na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus is cúis mhór imní di an comhar idir DPDC agus an Rúis atá á dhoimhniú a thuilleadh, lena n-áirítear oibrithe DPDC a bheith á bhfostú sa Rúis, comhfhiontair thráchtála a bheith á mbunú ann agus an trádáil in 'airm le haghaidh ola' idir DPDC agus an Rúis. Is bagairt thromchúiseach é an comhar sin idir DPDC agus an Rúis ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta agus sáraíonn sé na smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(10) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr agus ceithre eintiteas a chuidíonn le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus le smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú, ar daoine agus eintitis iad atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile, nó a thacaíonn le soláthairtí a d'fhéadfadh cur leis na cláir sin, a chuireann na soláthairtí sin chun cinn nó a bhfuil baint acu leo, a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn II dar teideal 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 23(1) agus na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 27(1)' mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu', fo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

	Ainm	Ar a dtugtar freisin	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Ráiteas ar Chúiseanna
'40.	RI Song Jin 리성진	RI Song-jin; RI Seong Jin	Áit bhreithe: DPDC Náisiúntacht: DPDC Inscne: fireann Feidhm nó gairm: Taighdeoir ag *DPRK National Aerospace Technology Administration (NATA)* (Riarachán Náisiúnta um Theicneolaíocht Aeraspáis DPDC); oifigeach ag *DPRK Missile General Bureau* (Biúró Ginearálta Diúracán DPDC) Eintitis chomhlachaithe: *DPRK National Aerospace Technology Administration (NATA)* (Riarachán Náisiúnta um Theicneolaíocht Aeraspáis DPDC) *DPRK Missile General Bureau* (Biúró Ginearálta Diúracán DPDC)	12.10.2026	Ina cháil mar thaighdeoir ag *DPRK National Aerospace Technology Administration (NATA)* (Riarachán Náisiúnta um Theicneolaíocht Aeraspáis DPDC), eintiteas atá liostaithe ag na Náisiúin Aontaithe mar gheall ar a rannpháirtíocht i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra agus mar oifigeach ag *Missile General Bureau DPDC* (Biúró Ginearálta Diúracán DPDC), bhí Ri Song Jin in éineacht le Kim Jong Un i mí na Nollag 2023 le linn cigireacht ar mhonarcha arb eol go dtáirgeann sí diúracáin bhalaistíocha ghearr-raoin. Tugadh faoi deara freisin go raibh Ri Song Jin lonnaithe sa Rúis gar don líne thosaigh leis an Úcráin, agus éide mhíleata Rúiseach air agus é taobh le saighdiúir Rúiseach. Cuireadh Ri Song Jin go dtí an ceantar sin mar theicneoir chun tacú leis an Rúis diúracáin DPDC a úsáid i gcomhthéacs an chomhair mhíleata eatarthu a bhfuil borradh ag teacht faoi. Mar sin, tá Ri Song Jin freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn agus tá sé ag obair faoi stiúir eintitis arna ainmniú ag Coiste Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe a bunaíodh de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas atá freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile, nó as na cláir sin a chur chun cinn.';

(b) faoin gceannteideal ‘III. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le soláthar arm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, nó de na hítimí, na hábhair, an trealamh, na hearraí nó an teicneolaíocht a d’fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile, nó a bhfuil baint acu le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile’, fo-cheannteideal ‘B. Eintitis’, cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

	Ainm	Ar a dtugtar freisin	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
‘3.	Paekyangsan Shipping Co Ltd		Uimhir IMO: 6029462 Eintiteas comhlachaithe (soitheach): PAEK YANG SAN 1 (Uimhir IMO: (9129653)	12.10.2026	Oibríonn Paekyangsan Shipping Co Ltd an soitheach Paek Yang San 1, a mbíonn bratach DPDC ar foluain aige, a bhfuil baint aige le lastais de tháirgí peitriliam scagtha ón Rúis go DPDC de shárú ar Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, i gcomhthéacs na trádála in airm agus ola idir DPDC agus an Rúis agus. Sa cháil sin dó, bíonn Paekyangsan Shipping Co Ltd páirteach go díreach i gcur ar fáil soláthairtí a d’fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile.’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III, dar teideal ‘Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 23(1) agus na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 27(1)’ mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal ‘Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 23(1) agus daoine agus eintitis dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 27(1)’, fo-cheannteideal ‘A. Daoine’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
‘34.	Anna Nikolaevna AKINSHINA Áнна Николáевна АКИ́НЬШИНА	Príomhfheidhmeannach, Samolet Group of Companies PJSC Dáta breithe: 4.2.1985 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Eintitis chomhlachaithe: Samolet Group of Companies PJSC	12.10.2026	Ina cáil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Samolet Group, cuideachta mhór forbartha réadmhaoine Rúiseach, tá Anna Akinshina freagrach as bainistiú agus gníomhaíochtaí na cuideachta, a bhfuil oibrithe ó DPDC fostaithe aici ina tionscadail tógála in Vladivostok, Cónaidhm na Rúise, de shárú ar na smachtbhannaí arna bhforchur ag CSNA lena gcuirtear toirmeasc ar náisiúnaigh DPDC a chur ag obair thar lear toisc go bhféadfadh an t-ioncam a ghineann oibrithe DPDC thar lear rannchuidiú le cláir arm núicléach agus diúracán balaistíoch DPDC. Mar sin tá Anna Akinshina ag cabhrú le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus forálacha Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú.
35.	Vladimir Aleksandrovich SOKOLOV Владимир Александрович СОКОЛОВ	Bunaitheoir agus Uachtarán Black Horse Dáta breithe: 29.1.1985 Áit bhreithe: Yuzhno-Sakhalinsk, réigiún Sakhalin, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Limited Liability Company PCC “Black Horse” Limited Liability Company “Golden Autumn” Agroholding	12.10.2026	Ina cháil mar Uachtarán ar an gcuideachta sealbhaíochta Rúiseach Black Horse, lena n-áirítear a fhochuideachta Golden Autumn Agroholding, rinne Vladimir Sokolov tionscadail comhair tráchtála agus thionsclaíoch a bhfuil baint ag DPDC leo a chur chun cinn agus a éascú. I mí Aibreáin 2026, d’fhógair Sokolov go poiblí go mbunófaí tionscadal comhpháirteach infheistíochta tionsclaíche idir DPDC agus an Rúis in Primorsky Krai, Cónaidhm na Rúise trí Black Horse agus a fhochuideachta. Mar sin, tá Vladimir Sokolov ag cabhrú le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus leis na smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú, go háirithe forálacha Rún 2375 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.’;

(b) faoin gceannteideal ‘B. Eintitis’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
‘12.	“Samolet Group of Companies” PJSC ПАО “Группа Самолет”	Seoladh: 121552, Moscow Yartsevskaya st, 19, 6 floor, block B, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise BIN/OGRN: 1187746590283 INN/TIN: 9731004688 Duine aonair comhlachaithe: Anna Nikolaevna Akinshina	12.10.2026	Is cuideachta mhór forbartha réadmhaoine Rúiseach é Samolet Group a úsáideann oibrithe ó DPDC ina thionscadail tógála in Vladivostok, Cónaidhm na Rúise de shárú ar na smachtbhannaí arna bhforchur ag CSNA lena gcuirtear toirmeasc ar náisiúnaigh DPDC a chur ag obair thar lear toisc go bhféadfadh an t-ioncam a ghineann oibrithe DPDC thar lear rannchuidiú le cláir arm núicléach agus diúracán balaistíoch DPDC. Mar sin, tá Samolet Group ag cabhrú le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus forálacha Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2283/oj

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
13.	Limited Liability Company PCC “Black Horse” Общество С Ограниченной Ответственностью Пкф “Бызкхоз”	Seoladh: 141804, Moscow Region, Dmitrov District, Dmitrov, Likova St., Building 10, Office 16, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise BIN/OGRN:1165007050064 INN/TIN: 5007096798 Uimhir KPP: 500701001 Duine aonair comhlachaithe: Vladimir Aleksandrovich Sokolov Eintitis chomhlachaithe: LLC “Golden Autumn” Agroholding	12.10.2026	Is cuideachta sealbhaíochta Rúiseach é Black Horse faoi cheannas Vladimir Aleksandrovich Sokolov. Trína ghníomhaíochtaí tráchtála agus trína fhochuideachta Golden Autumn Agroholding, rinne Black Horse tionscadail comhair eacnamaíoch agus thionsclaíoch a bhfuil baint ag DPDC leo a chur chun cinn agus a éascú. Onnmhairíonn Black Horse táirgí chuig DPDC agus is margadh tráchtála tosaíochta dó é DPDC. Trína fhochuideachta, tá Black Horse ag gabháil do thionscadal comhpháirteach tionsclaíoch agus infheistíochta le DPDC. Mar sin, tá Black Horse ag cabhrú le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus leis na smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú, go háirithe forálacha Rún 2375 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
14.	Limited Liability Company “Golden Autumn” Agroholding Общество С Ограниченной Ответственностью Агрохолдинг “Золотая Осень”	Seoladh: 109316, 47 Volgogradsky Avenue, Tekstilshchiki district, Moscó, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise BIN/OGRN: 1237700389893 INN/TIN: 9722047759 Uimhir KPP: 772201001 Duine aonair comhlachaithe: Vladimir Aleksandrovich Sokolov Eintitis chomhlachaithe: LLC PCC “Black Horse”	12.10.2026	Is cuideachta Rúiseach agus fochuideachta den chuideachta sealbhaíochta Black Horse, atá faoi cheannas Vladimir Aleksandrovich Sokolov, é Golden Autumn Agroholding. Onnmhairíonn Golden Autumn Agroholding táirgí chuig DPDC agus tá sé i mbun tionscadal comhpháirteach tionsclaíoch agus infheistíochta le DPDC. Mar sin, tá Golden Autumn Agroholding ag cabhrú le teacht timpeall ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus leis na smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú, go háirithe forálacha Rún 2375 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.’.